C/2024/7103

25.11.2024

FÓGRA FAOI IONSTRAIM NA GINÉIVE DE CHOMHAONTÚ LIOSPÓIN

Foilsiú na hiontrála sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha ‘អំបិល កំពត កែប / Kampot-Kep Salt’ de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1753

(C/2024/7103)

An 1 Samhain 2024, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin ([1]), thug Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) fógra don Aontas Eorpach faoin iontráil seo a leanas sa Chlár Idirnáisiúnta:

Ainm : ‘អំបិលកំពតកែប / Kampot-Kep Salt’

Cineál an táirge: Salann

Tír thionscnaimh: an Chambóid

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne chosaint an ainm laistigh de chríoch an Aontais, de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus ar an bhforas a leagtar amach ann. Féadfar cur i gcoinne a thaisceadh leis an gCoimisiún, laistigh de 4 mhí féilire ón lá atá inniu ann, ag:

AGRI-GEOGRAPHICAL-INDICATIONS@ec.europa.eu

Féadfar féachaint ar an bhfógra sa Chlár Idirnáisiúnta atá ag EDMI ag an nasc seo a leanas:

Kampot-Kep Salt Wipo database

([1]) Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj).